RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/45 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Eanáir 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe maidir le cásanna neamh-chomhlíonta agus cásanna de neamh-chomhlíonadh tromchúiseach i dtaobh rialacha an chomhbheartais iascaigh, neamh-chomhlíonadh as a bhféadfadh briseadh i spriocdháta íocaíochta nó fionraí íocaíochtaí faoin gciste sin a eascairt

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ([1]), agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Níor cheart do na Ballstáit a sháraíonn rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) an bonn a bhaint de ghnóthú chuspóirí CBI atá i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). I gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, cuirtear de choinníoll ar chúnamh airgeadais ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go gcomhlíonfaidh na Ballstáit rialacha CBI. Mura gcomhlíonfaidh na Ballstáit rialacha CBI, féadfar cur isteach ar íocaíochtaí nó iad a chur ar fionraí nó féadfar ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm ar chúnamh airgeadais ón Aontas faoi CBI.

(2) In Airteagal 96 agus Airteagal 97 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) lena leagtar síos forálacha coiteanna, leagtar amach na coinníollacha faoina bhféadfar briseadh i spriocdháta íocaíochta nó fionraí íocaíochtaí a fhorchur, faoi seach. Na rialacha ciste-shonracha maidir le CEMID, foráiltear leis an dá Airteagal sin go bhféadfar bunúis shonracha a leagan síos iontu le haghaidh briseadh agus fionraí a bhaineann le neamh-chomhlíonadh na rialacha is infheidhme faoi CBI.

(3) Is gá deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do na Ballstáit a chuireann cláir oibríochtúla chun feidhme faoi CEMID, agus, dá bhrí sin, is gá na cásanna neamh-chomhlíonta i dtaobh rialacha CBI a shainiú, cásanna a fhágann go gcuirtear isteach ar spriocdhátaí íocaíochta, agus is gá na cásanna de neamh-chomhlíonadh tromchúiseach i dtaobh rialacha CBI a shainiú, as a dtagann fionraí íocaíochtaí;

(4) Na cásanna as a dtagann briseadh i spriocdhátaí íocaíochta, ba cheart dóibh a bheith ina gcásanna nach gcomhlíonann rialacha CBI atá bunriachtanach maidir le caomhnú agus le hinbhuanaitheacht chomhshaoil acmhainní bitheolaíocha na mara.

(5) Na cásanna as a dtagann fionraí íocaíochtaí, ba cheart dóibh a bheith ina gcásanna inar theip ar an mBallstát lena mbaineann an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an cás ba shiocair leis an neamh-chomhlíonadh sin a leigheas, sa bhreis ar an neamh-chomhlíonadh as a dtagann briseadh i spriocdhátaí íocaíochta.

(6) Foráiltear le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhféadfadh briseadh nó fionraí comhréireach maidir leis an gcúnamh airgeadais ábhartha ón Aontas le haghaidh an Bhallstáit sin i dtaobh infheistíocht sa chabhlach, sa roinn cabhlaigh nó sna ranna cabhlaigh lena mbaineann a bheith mar thoradh air mura dtugtar tuairisc ar an gcothromaíocht idir acmhainn iascaireachta an chabhlaigh agus deiseanna iascaireachta agus/nó mura gcuirtear an plean gníomhaíochta chun feidhme le haghaidh na ranna cabhlaigh inar aithníodh ró-acmhainneacht struchtúrach.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([3]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

(7) Foráiltear freisin le hAirteagal 25(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhféadfadh briseadh nó fionraí comhréireach maidir leis an gcúnamh airgeadais ábhartha ón Aontas le haghaidh an Bhallstáit sin a bheith mar thoradh air mura n-éiríonn le Ballstát sonraí a bhailiú agus/nó a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh ar bhealach tráthúil.

(8) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh cóir chomhchuibhithe chomhionann ann d'oibreoirí sna Ballstáit uile ó thús na clárthréimhse, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cásanna neamh-chomhlíonta

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na cásanna neamh-chomhlíonta ag Ballstát i dtaobh na rialacha faoin gComhbheartas Iascaigh (CBI) a d'fhéadfadh cur isteach ar an spriocdháta le haghaidh iarratas ar íocaíocht de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/1139.

Airteagal 2

Cásanna de neamh-chomhlíonadh tromchúiseach

Na cásanna neamh-chomhlíonta ag Ballstát i dtaobh na rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas Iascaigh, a d'fhéadfadh fionraí íocaíochtaí a bheith mar thoradh orthu de bhun Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2021/1139, is iad sin na cásanna neamh-chomhlíonta a bhunaítear faoi Airteagal 1, i gcás nach n-éiríonn le Ballstát atá faoi réir ag briseadh sa spriocdháta íocaíochta maidir le hiarratas ar íocaíocht de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/1139 an beart comhlíonta is gá a dhéanamh laistigh de thréimhse an bhriste sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

NA CÁSANNA NEAMH-CHOMHLÍONTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

Cásanna neamh-chomhlíonta		Bunús dlí
Catagóir 1: Mainneachtain maidir lena áirithiú go n-urramaítear na deiseanna iascaireachta arna leithdháileadh ar na Ballstáit de bhun Airteagail 16-17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ([1])		
1.1	Mainneachtain maidir leis na rialacha maidir le ceadúnas agus údarú iascaireachta a urramú.	Airteagal 6(2) go (4) agus Airteagal 7(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú ([2])
1.2	Mainneachtain maidir le faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as deiseanna iascaireachta, go háirithe, trí mhainneachtain maidir le clárú na sonraí ar fad atá cláraithe sa logleabhar iascaireachta, sna dearbhuithe trasloingsithe, sna dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, sna nótaí díolacháin, nó sna dearbhuithe táthcheangail agus/nó trí mhainneachtain maidir le faireachán a dhéanamh ar an iarracht iascaireachta, agus trí mhainneachtain maidir lena áirithiú go gcuirtear na sonraí sin isteach go cruinn, go hiomlán agus go tráthúil.	Airteagal 33(1) agus Airteagal 109(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
1.3	Mainneachtain maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na sonraí comhiomlánaithe maidir le gabhálacha a thugtar i dtír agus leis an iarracht iascaireachta.	Airteagal 33(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
1.4	Mainneachtain maidir le hiascach a dhúnadh nuair a ídítear cuótaí, lena n-áirítear cuótaí faoi chomhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe (SFPAnna) agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna), agus/nó iarracht iascaireachta.	Airteagal 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
Catagóir 2: Mainneachtain maidir le bearta caomhnaithe a urramú agus/nó speicis íogaire agus gnáthóga íogaire a chosaint chun gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach san fhadtéarma mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013		
2.1	Mainneachtain maidir le doiciméadú mionsonraithe cruinn a áirithiú i dtaobh na dturas iascaireachta ar fad agus le hacmhainn leordhóthanach agus modhanna leordhóthanacha a áirithiú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcomhréir le prionsabal na héifeachtúlachta agus na comhréireachta.	Airteagal 15(13) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh
2.2	Mainneachtain maidir leis an toirmeasc a chur chun feidhme ar na speicis éisc nó sliogéisc dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír (ach amháin i gcás ina ndeonaítear maoluithe faoi Airteagal 16 den Treoir sin).	Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le Bearta Teicniúla ([3])
2.3	Mainneachtain maidir leis an toirmeasc a chur chun feidhme ar na mamaigh mhuirí nó na reiptílí muirí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus na speicis d'éanlaith mhara a chumhdaítear le Treoir 2009/147/CE a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.	Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le Bearta Teicniúla
2.4	Mainneachtain maidir le sonraí eolaíochta a bhailiú maidir le foghabhálacha speiceas íogair agus speiceas áirithe d'éanlaith mhara.	Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le Bearta Teicniúla agus Iarscríbhinn XIII, pointe 2, a ghabhann leis
2.5	I gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíochta is fearr atá ar fáil, mainneachtain maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe arna gcur chun feidhme.	Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le Bearta Teicniúla agus Iarscríbhinn XIII, pointe 4, a ghabhann leis
2.6	Mainneachtain maidir le cosc a chur ar imscaradh an trealaimh iascaireachta a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le Bearta Teicniúla chun gnáthóga íogaire a chosaint.	Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le Bearta Teicniúla

2.7	Mainneachtain maidir leis na rialacha maidir le taighde eolaíochta a urramú.	Airteagal 25(1)(e) de Rialachán (AE) 2019/1241 maidir le Bearta Teicniúla
2.8	Mainneachtain maidir le pleananna bainistíochta eascann a bhunú agus a chur i bhfeidhm.	Airteagal 2(1), (3) agus (10), Airteagal 5(2) agus Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle maidir le heascanna Eorpacha ([4]).
2.9	Mainneachtain maidir le bearta caomhnaithe eascann a urramú (laghdú ar an iarracht iascaireachta i gcás inarb infheidhme agus spriocanna a bhaint amach).	Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle maidir le heascanna Eorpacha
2.10	Mainneachtain maidir le tuairisciú don Choimisiún maidir le faireachán ar na bearta caomhnaithe eascann agus le héifeachtacht agus toradh na mbeart sin.	Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle maidir le heascanna Eorpacha
2.11	Mainneachtain maidir le tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme na rialacha maidir le heití a bhaint de shiorcanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin.	Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1185/2003 an 26 Meitheamh 2003 maidir le heití a bhaint de shiorcanna ar bord soithí ([5])
Catagóir 3: Mainneachtain maidir leis an gcaidreamh seachtrach iascaigh a chomhlíonadh i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus cuspóirí beartais agus prionsabail mar a leagtar amach in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 iad		
3.1	Mainneachtain maidir lena áirithiú go bhfuil soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil bratach an Bhallstáit ar foluain acu agus a oibríonn lasmuigh d'uiscí an Aontais in ann doiciméadú mionsonraithe cruinn a thabhairt i ndáil leis na gníomhaíochtaí iascaireachta agus próiseála uile.	Airteagal 31(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh
3.2	Mainneachtain maidir lena áirithiú go bhfuil soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá lasmuigh d'uiscí an Aontais údaraithe i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le Bainistiú Inbhuanaithe ar an gCabhlach.	Airteagal 5(1), Airteagal 6(2), Airteagal 6(4), Airteagal 7(3) go (7), Airteagal 11(1), Airteagal 18(1) agus Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2017/2403 ([6]) maidir le Bainistiú Inbhuanaithe a dhéanamh ar Chabhlaigh Iascaireachta Sheachtracha (Rialachán SMEFF)
Catagóir 4: Mainneachtain maidir lena áirithiú go bhfuil acmhainn iascaireachta an chabhlaigh i gcothromaíocht leis na hacmhainní nádúrtha mar a cheanglaítear le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013		
4.1	Mainneachtain maidir le bearta a chur i bhfeidhm chun acmhainn iascaireachta an chabhlaigh a choigeartú do na deiseanna iascaireachta, agus treochtaí agus an chomhairle eolaíoch is fearr á gcur san áireamh acu, agus é mar chuspóir cothromaíocht chobhsaí sheasmhach a bhaint amach eatarthu.	Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh
4.2	Mainneachtain maidir le measúnuithe ar leith a tharraingt suas le haghaidh na gcabhlach sna réigiúin is forimeallaí agus le haghaidh soithí a oibríonn lasmuigh d'uiscí an Aontais amháin.	Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh
4.3	Mainneachtain maidir lena áirithiú go ndéantar an ceadúnas iascaireachta sonrach agus na húdaruithe iascaireachta sonracha a tharraingt siar roimh aon imeacht ón gcabhlach lena dtacaítear le cabhair phoiblí agus nach ndéantar an acmhainn a tarraingíodh siar a ionadú.	Airteagal 22(5) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh
4.4	Mainneachtain maidir lena áirithiú go n-urramaítear uasteorainn na hacmhainne iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 CBI.	Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh
4.5	Mainneachtain maidir leis an scéim iontrála/imeachta a chur i bhfeidhm sa chaoi go ndéantar iontráil acmhainne nua sa chabhlach gan cabhair phoiblí a chúiteamh le scoir acmhainne roimh ré gan cabhair phoiblí den mhéid céanna ar a laghad.	Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh

4.6	Mainneachtain maidir leis an bhfaisnéis atá le taifeadadh i gclár cabhlaigh an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 CBI agus sa Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais a chur faoi bhráid an Choimisiúin.	Airteagal 24(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais ([7])
4.7	Mainneachtain maidir le hacmhainn iascaireachta agus cumhacht innill na soithí iascaireachta a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu.	Airteagal 38, Airteagal 39(2), Airteagal 40(1) agus Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú

Catagóir 5: Mainneachtain maidir le cur le cuspóir CBI sonraí eolaíochta a bhailiú mar a leagtar amach in Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013

5.1	Mainneachtain maidir le sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha a bhailiú agus a bhainistiú.	Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh
5.2	Mainneachtain maidir le gníomhaíochtaí bailithe sonraí a chomhordú le Ballstáit eile sa réigiún céanna.	Airteagal 6(4) agus Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2017/1004 maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí ([8])
5.3	Mainneachtain maidir le cur chun feidhme cuí chúraimí na gcomhfhreagraithe náisiúnta a áirithiú.	Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1004 maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí
5.4	Mainneachtain maidir le tuarascáil bhliantúil a chur isteach ar chur chun feidhme na bpleananna oibre náisiúnta chun sonraí a bhailiú sna hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe.	Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2017/1004 maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí
5.5	Mainneachtain maidir leis na rialacha maidir le húsáid sonraí a chomhlíonadh.	Airteagail 14, 16, 17, 19 agus 20 de Rialachán (AE) 2017/1004 maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí

Catagóir 6: Mainneachtain maidir le córas rialaithe éifeachtach a oibriú d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar rialacha CBI mar a cheanglaítear le hAirteagal 36(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013

6.1	Mainneachtain maidir le rialú na ngníomhaíochtaí a dhéanann aon duine nádúrtha nó dlítheanach laistigh de raon feidhme an chomhbheartais iascaigh ina gcríoch agus sna huiscí iascaireachta faoina gceannasacht nó faoina ndlínse.	Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
6.2	Mainneachtain maidir le rialú a dhéanamh ar an rochtain ar acmhainní agus ar ghníomhaíochtaí lasmuigh d'uiscí an Aontais a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil a mbratach ar foluain acu.	Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
6.3	Mainneachtain maidir le bearta iomchuí a ghlacadh agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla a leithdháileadh le haghaidh rialú, cigireachta agus forfheidhmiú.	Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
6.4	Mainneachtain maidir lena áirithiú go ndéantar rialú, cigireacht agus forfheidhmiú ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le hearnálacha, soithí nó daoine, agus go ndéanfar iad ar bhonn bainistithe riosca.	Airteagal 5(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
6.5	Mainneachtain maidir le comhlíonadh na rialacha a bhaineann leis na Cláir Náisiúnta Ghníomhaíochta um Rialú a áirithiú, agus maidir le cláir rialaithe agus cigireachta arna mbunú ag an gCoimisiún.	Airteagal 46 agus Airteagal 95(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
6.6	Mainneachtain maidir le comhlíonadh na rialacha maidir le margaíocht, inrianaitheacht, céad-díol agus meá táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a áirithiú.	Airteagal 56(1), Airteagal 57(1), Airteagal 58, Airteagal 59(1), Airteagal 60(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú

6.7	Mainneachtain maidir leis na bearta arna gcinneadh ag an gCoimisiún a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit cuspóirí CBI, lena mbaineann pleananna gníomhaíochta arna mbunú i ndiaidh fíoruithe nó cigireachtaí uathrialacha, lena n-áirítear dúnadh iascach, fíorú, tuarascálacha cigireachta agus iniúchóireachta uathrialacha, asbhaint agus aistrithe cuótaí, bearta iarrachta iascaireachta agus éigeandála.	Airteagail 36, 102, 104, 105, 106, 107 agus 108 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
6.8	Mainneachtain maidir leis na ceanglais maidir le hanailís, bailíochtú, rochtain, malartú sonraí agus faisnéis a chomhlíonadh.	Airteagal 109(1), (3), (4), (6), (8) agus Airteagail 110, 111, 114 agus 116 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú

Catagóir 7: Mainneachtain maidir le córas éifeachtach cigireachta agus forfheidhmithe a oibriú mar a cheanglaítear le hAirteagal 36(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013

7.1	Mainneachtain maidir le faireachas éifeachtach agus cigireachtaí éifeachtacha a dhéanamh.	Airteagal 71, Airteagal 72(1) agus (2), Airteagal 74, Airteagal 78(1), Airteagal 80, Airteagal 83(1) agus (2), Airteagal 84(2), Airteagal 85 agus Airteagal 87 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
7.2	Mainneachtain maidir le comhoibriú leis an gCoimisiún d'fhonn cur i gcrích chúraimí oifigigh an Choimisiúin a éascú le linn a misean cigireachtaí, iniúchtaí féinrialaitheacha agus iniúchtaí.	Airteagal 96(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
7.3	Mainneachtain maidir leis na critéir a leagan síos chun a thromchúisí atá an sárú ar rialacha CBI a chinneadh.	Airteagal 3(2) agus Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 NNN agus Airteagal 90(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
7.4	Mainneachtain maidir lena áirithiú go nglacfar go córasach bearta iomchuí agus smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha mar aon le smachtbhannaí a ghabhann leo mar gheall ar sháruithe ar rialacha CBI.	Airteagal 89(1), (2) agus (3) agus Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú chomh maith le hAirteagail 43, 44, 45, 46 agus 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 NNN
7.5	Mainneachtain maidir leis an gcóras pointí a chur i bhfeidhm maidir le sáruithe tromchúiseacha le haghaidh sealbhóirí ceadúnas iascaireachta chomh maith le máistrí.	Airteagal 92(1), (2) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú
7.6	Mainneachtain maidir le clár náisiúnta na sáruithe a bhainistiú.	Airteagal 93(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 um Rialú

Catagóir 8: Mainneachtain maidir le gníomhú i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN) dá bhforáiltear le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013

8.1	Mainneachtain maidir le bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíchur i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.	Airteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 NNN
8.2	Mainneachtain maidir le fíoruithe a dhéanamh a bhaineann leis an scéim deimhniúcháin gabhála.	Airteagal 17(3) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 NNN
8.3	Mainneachtain maidir le rialacha a urramú a bhaineann le hOibreoirí Eacnamaíocha Faofa (AEOPanna).	Airteagail 10(2), 16(1), 17(1), 20(3), Airteagal 21(3), (5) agus (7), Airteagal 23(1), Airteagal 25, Airteagail 26(2), 27(4), 29(1) agus 30(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 [9]

Catagóir 9: Mainneachtain maidir leis na rialacha a urramú maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe arna mbunú d'fhonn cur le cuspóirí CBI mar a leagtar amach in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a bhaint amach		
9.1	Mainneachtain maidir leis na critéir maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe a chomhlíonadh.	Airteagal 14(1) agus Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le Comheagrú na Margaí (CEM) ([10])
9.2	Mainneachtain maidir le seiceálacha riachtanacha a dhéanamh ar chomheagraíochtaí aitheanta.	Airteagal 18(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le CEM

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1185/2003 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le heití a bhaint de shiorcanna ar bord soithí (IO L 167, 4.7.2003, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

([8]) Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

([9]) Rialacha (CE) Uimh. 1010/2009 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialacha (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú (IO L 280, 27.10.2009, lch. 5).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).